

# AN DIABHAL AR AN ÓL

AGUS SCÉALTA EILE  
ÓN gCIAN-OIRTHEAR

MICHEÁL Ó CONGHAILE



Cló Iar-Chonnacht  
Indreabhán  
Conamara

An chéad chló 2013

© Cló Iar-Chonnacht 2013

ISBN 978-1-909367-67-8

Dearadh: Deirdre Ní Thuathail

Dearadh clúdaigh: Clifford Hayes



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge  
as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid  
ón gComhairle Ealaíon.

Tá an t-údar buíoch de Chlár na Leabhar Gaeilge (Foras na Gaeilge) as coimisiún  
a bhronnadh air i leith an tsaothair seo.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a  
atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh  
sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile,  
gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: 091-593307 Facs: 091-593362 r-phost: eolas@cic.ie

Priontáil: Castle Print, Gaillimh.

## CLÁR

Clann chraiceáilte	7
Deartháireacha	9
An diabhal ar an ól	12
Ná gáir i do chodladh	18
Bua an bháis	20
Cuairteoirí	27
Táim ag tnúth go mór leis	32
An sealgaire misniúil	35
Thi na trócaire	40
Banphrionsa na dtrí chíoch	44
An luch a d'ith an scríbhinn	49
An déirceoir	54
Scaradh na spiorad ó na daoine	60
An drochshúil	68
Gal óipiam	70
An leisceoir luachmhar	72
Filíocht na bhfoganna	74
Gan fógra	78

## CLANN CHRAICEÁILTE

Bhí teaghlach ann uair agus bhí gach duine den teaghlach aisteach sa gcloigeann. Bhí siad ar fad imithe craiceáilte. Maidin amháin thug an seanathair dhá bhonn euro dá gharmhac.

“Téigh amach go beo agus faigh luach euro salainn agus luach euro piobair dom,” a d’ordaigh sé.

Chuir an buachaill na boinn síos ina phócaí, thóg dhá chrúsca ón gcófra agus shiúil chomh fada le siopa an ghrósaera. Ach i gceann cúpla nóiméad d’fhill sé ar ais ar an teach agus é an-trína chéile.

“Cé acu euro a gceannóidh mé an salann leis agus cé acu euro a gceannóidh mé an piobar leis?” a d’fhiafraigh sé agus euro i chaon láimh aige á dtaispeáint dá sheanathair.

“Nach cuma sa diabhal cé acu! A amadáin mhóir, nach mar a chéile iad,” a scread an seanfhear.

Rith an buachaill leis an dara babhta ach ba ghearr go raibh sé ar ais arís gan an salann ná an piobar.

“Cé acu crúsca a gcuirfidh mé an salann ann agus

cé acu crúsca a gcuirfidh mé an piobar ann?” a d’fhiafraigh sé agus é ag scríobadh a chinn agus é idir dhá chomhairle.

Rug a sheanathair, a raibh an fhoighne caillte aige faoi seo, ar mhaide agus thosaigh sé ag bualadh an bhuachalla.

Tháinig athair an bhuachalla isteach agus é ar buile.

“Á! Céard sa mí-ádh atá ar bun agat?” a scread sé. “Tá tú ag tabhairt drochíde do mo mhacsa, a chladhaire bradach. Déanfaidh mise an rud céanna le do mhacsa, mar sin, mar dhíoltas ort.” Agus thosaigh sé á bhualadh féin san éadan agus sa tóin le maide mór.

Tháinig racht feirge ar an seanfhear.

“In ainm Dé,” a scread sé, “mura stopfaidh tusa ag bualadh mo mhic, crochfaidh mé d’athair!”

Agus murach gur tháinig na comharsana isteach nuair a chuala siad an t-achrann agus gur stop siad é, is dóigh go gcrochfadh an seanfhear é féin.

## DEARTHÁIREACHA

Bhí beirt dheartháireacha ann. Rinne an deartháir ba shine saibhreas an-mhór ach bhí a dheartháir óg ag éirí níos boichte agus níos boichte in aghaidh an lae. Chuaigh an saol ina choinne. Ach in áit cúnamh agus tacaíocht a thabhairt dá dheartháir óg is amhlaidh a d'iompaigh an deartháir ba shine a chúl leis. Théadh sé amach ag ól is ag ragairne is ag caitheamh a chuid airgid go fánach in éineacht lena chairde, a bhí ar aon intinn leis féin.

“Ba chóir duit smaoineamh ar do dheartháir óg anois is arís,” a dúirt a bhean chéile leis, “in áit a bheith ag caitheamh do chuid airgid go seafóideach in éineacht le pleidhcí agus leibidí nach mbeadh meas muice acu ort murach go bhfuil airgead fairsing agat.”

“Labhair go múinte faoi mo chairde, a bhean,” a d’fhreagair sé. “Tá a chinniúint féin i ndán do gach duine. Lig do mo dheartháir breathnú amach dá shaol féin.”

Ach theastaigh ón mbean a shúile a oscailt dó. Tráthnóna amháin, le linn dá fear céile a bheith

amuigh ag ól lena chairde, mar ba nós leis, mharaigh sí madra. Chuir sí síos i mála é agus chuir sí sa talamh é i gcúinne an ghairdín chúil. Nuair a d'fhill a fear lig sí uirthi féin go raibh sí ag dul as a meabhair le himní.

“Céard a dhéanfaidh mé? Céard a dhéanfaidh mé?” a chaoin sí. “Mharaigh mé gasúr. Mharaigh mé gasúr.”

“Dia idir sinn agus an t-olc! Cén chaoi sa mí-ádh ar tharla sé sin?” a d’fhiafraigh a fear, an mheisce ag imeacht de leis an ngeit a baineadh as.

“Tháinig sé go dtí an doras ag díol ticéid,” a dúirt sí. “Nuair a dúirt mé leis nach raibh aon sóinseáil agam thosaigh sé ag eascainí orm is ag tabhairt ainmneacha maslacha orm. Nuair a tharraing mé buille air leis an scuab é, sciorr sé agus thit sé. Scoilteadh a chloigeann faoin tsráid.”

“Cén áit ar chuir tú an corp i bhfolach?”

“Thíos ansin i gcúinne an ghairdín. Ní mór dúinn cabhair a fháil ó dhuine éigin le cuidiú linn fáil réidh leis roimh bhreacadh an lae.”

“Ceart go leor, ceart go leor, beidh sé sin éasca go leor,” a dúirt a fear. “Gheobhaidh mé cuid de mo chairde le lámh chúnta a thabhairt dom.”

Ach thréig a chairde ar fad é, duine i ndiaidh a chéile, iad siúd go léir a bhíodh chomh mór sin leis nuair a bhíodh sé ag ól is ag ragairne.

“Iarr ar do dheartháir cabhrú leat,” a dúirt a bhean i gcogar scanrúil.

“Tá faitíos orm go ndiúltódh sé sin cabhrú liom freisin,” a d’fhreagair sé.

“Bain triail as ar aon nós. Chuala mé ráite é go bhfuil deartháireacha gar dá chéile, cosúil le méaracha difriúla ar an láimh chéanna!”

Bhí an ceart ag an mbean. Tháinig an deartháir óg go fonnmhar, é ag iarraidh teacht i gcabhair ar an deartháir. Chart siad uaigh in áit iargúlta agus chuir siad, mar a cheap siad, corp an ghasúir síos ann.

An lá dár gcionn, tháinig a chairde bréige agus bhagair siad ar an deartháir go sceithfidís air. Nuair a thug sé bóthar dóibh, d’inis siad an scéal do gharda an rí mar dhíoltas air agus iad ag súil le haisíoc éigin dóibh féin.

Ach ansin d’inis an bhean fírinne an scéil do chaptaen na ngardaí: gur cleas a bhí ann a d’imir sí ar a fear céile le ciall a mhúineadh dó.

Tógadh an corp as an talamh agus chonaic gach duine an cruthúnas. Madra marbh.



## AN DIABHAL AR AN ÓL

Bhí fear ann uair a raibh dúil mhór sa mbuidéal aige ionas gur rug an t-ól air in imeacht ama. Nuair nach mbíodh aon deoir fanta le n-ól aige bhíodh sé chomh cantalach nárbh fhéidir cur suas leis. Agus nuair a bhíodh teacht ar bhraon aige ní bhíodh sé in ann a chloigeann a thógáil as nó go mbíodh sé caochta glan as a mheabhair. Fiú na cuileoga beaga is na míoltóga a bhíodh ag baint greimeanna feola as agus ag diúl braonacha fola as d'éirídis sógach ionas nach mbíodh a fhios acu cá mbídís ag dul.

Bhí bean agus go leor gasúr aige. Gach lá bhíodh sé ag mungailt an tseanscéil chéanna.

“Sula bhfaighim bás ba mhaith liom mo mhac is sine a chur isteach sa teampall ar feadh tamaill le bheith ina mhanach, de réir nós na tíre.”

Agus leanadh sé ar aghaidh, a chuid cainte dírithe ar a bhean agus a chlann.

“Nuair a fhaighimse bás is cuma liom sa diabhal sochraid a bheith orm nó gan a bheith. Ní iarraim ach aon achainí amháin oraibh, is é sin, nach ndéanfaidh

sibh dearmad buidéal mór lán a chur isteach sa gcónra liom.”

Nuair a bhí a mhac sách sean le móid dílseachta a ghlacadh san ord rialta bhí an t-athair an-sásta. Fuair sé a bhean chun féasta a ullmhú agus chun gach a raibh ag teastáil don ócáid agus don cheiliúradh a fháil faoi réir. Ach sula raibh gach rud réidh aici thit a chodladh air agus cailleadh láithreach é. Rinne a mhuintir mar a d'iarr sé agus chuir siad buidéal biotáille isteach sa gcónra leis sular creimeadh é.

Tar éis dá anam scaradh lena chorp chuaigh sé síos díreach i dtreo ifrinn. Lean an buidéal síos é. Sheas sé ag an ngeata agus an buidéal ina láimh. Thosaigh an diabhal a bhí ag an ngeata á cheistiú.

“An fear maith a bhí ionat i rith do shaoil? Céard iad na dea-ghníomhartha a rinne tú?”

Chroith an fear a cheann agus d'fhreagair, “Ní dhearna mé tada dá leithéid. Dea-oibreacha níor chleacht mé ná ofrálacha ní dhearna mé. Chaith mé mo shaol ar fad ar an ól is ag ragairne. Ag spraoi is ag pléaráca.”

Leis sin rug sé ar an mbuidéal agus bhain sé an corc as, chuir lena bhéal é agus bhain deoch bhreá bhiotáille as go sultmhar, beag beann ar an diabhal a bhí ag gardáil gheataí ifrinn agus ag stánadh air.

Fuair an diabhal boladh láidir an óil agus chuir ceist air.

“Seans go bhfuil blas maith ar an mbranda sin atá á ól agat?”

“Tá,” a dúirt an fear agus thairg an buidéal don diabhal. “Mura gcreideann tú mé, blais de go bhfeicfidh tú. Is é an cara is fearr a d’fhéadfadh a bheith ag duine é. Ní fhágann sé duine leis féin. Má ólann tú beagán beidh tú súgach. Má ólann tú go leor beidh tú ag titim ar meisce. Ach mura n-ólann tú tada ní bheidh tú in ann dul go dtí an leithreas fiú!”

Bhraith an diabhal tart ag teacht air agus theastaigh uaidh a fháil amach dó féin an raibh an fhírinne ag an bhfear. Cé nár theastaigh uaidh dul ar an ól le linn dó a bheith ar dualgas, shín sé amach a lámh ag breith ar an mbuidéal. Bhain sé blogam as agus níor stop an bheirt acu ag ól nó go raibh an buidéal triomaithe acu. Mhottaigh an diabhal an teas ag treabhadh tríd agus bhí a fhios aige ansin go raibh an fhírinne ag an bhfear.

Le linn dóibh a bheith ina seasamh ansin ag comhrá go súgach síochánta thosaigh an fear ag smaoineamh ar an saol a bhí caite aige. Phléasc sé amach ag caoineadh agus lig osna mhór. Bhí an diabhal lán le trua dó.

“Níl ann ach go bhfuil tú tar éis deoch mhaith a bheith agat. Cén fáth a bhfuil tú ag caoineachán?” a d’fhiafraigh sé.

“Tá mé ag caoineadh mar tá mo chroí briste,” a d’fhreagair an fear. “Goilleann sé go mór orm nach

raibh mé in ann mo mhac a fheiceáil ag dul isteach sa teampall le bheith ina mhanach. Bhí gach rud réidh don cheiliúradh ach bhásaigh mé go tobann. Ó, ach dá bhféadfainn gach a raibh tosaithe agam a chríochnú nach mé a gheobhadh an bás sona!"

Thuig an diabhal a chás. Agus cé go raibh a phléisiúr nua-aimsithe ag cur beagán mearbhaill air, bhí sé thar a bheith sásta faoi chomh coinsiasach agus a bhí an fear faoina dhualgas. D'oscail sé an leabhar mór rolla lena fháil amach cén aois a bhí ag a chara nua. Fuair sé amach nach raibh sé ach an dá scór. Chonaic sé go soiléir é. Dhá scór. Ceathair agus náid.

D'umhlaigh an fear a cheann go híseal sa dusta agus d'impigh, "Ní iarraim ort ach aon achainí amháin: bíodh trua agat dom agus lig dom filleadh le go bhféadfaidh mé freastal ar ócáid cheiliúrtha mo mhic agus é ag dul isteach sa teampall. Má bhíonn orm bás a fháil ar an toirt ansin, ní miste liom."

"Glacaim le d'iarratas," a dúirt an diabhal ag tabhairt a cheada. "Tá tú an dá scór anois agus tabharfaidh mé bliain eile cairde duit."

Chuir sé bliain bhreise leis an aois ansin, á scríobh síos agus dúirt, "Tá do dhóthain ama agat le deaghníomhartha a dhéanamh. Faoi dheireadh na bliana beidh do mhac fillte ar ais ón teampall. Ansin piocfaidh mo chúntóir suas thú."

Bhí go maith is ní raibh go holc. Threoraigh

searbhóntaí an diabhail ar ais chun an tsaoil seo é. Chuir sé tús le saol nua ansin. Níor stop sé le cuntas ná tuairisc a thabhairt ar a eachtra. Ina áit chuir sé deireadh leis na hullmhúcháin don cheiliúradh. Chuaigh sé ar ais ar an ól arís ansin mar gur dhúirt sé leis féin nach raibh ach fíorbheagán ama – bliain amháin – fágtha aige nó go mbeadh a thréimhse cairde istigh.

Ach nuair a bhí an bhliain caite bhí sé soiléir go raibh moill éigin curtha ar a bhás. Ba ghearr go raibh dhá bhliain imithe, agus trí bliana, agus fiche, tríocha, ceathracha, agus caoga bliain.

Ní fhéadfadh an fear bás a fháil.

Thosaigh a shláinte ag teip air. D'éirigh sé an-sean, bacach agus cróilí. Bhí sé sínte siar ar an leaba ansin ar feadh i bhfad agus gan é in ann tada a dhéanamh. Ní raibh sé ag baint aon taitneamh as a bheith ag ithe agus ag ól ní ba mhó. Bhí sé tinn tuirseach den chineál saoil a bhí aige agus chuir sé a mhallacht ar an diabhal arís agus arís eile.

Bhí iontas ar an diabhal freisin nár tugadh an fear ar ais os a chomhair. Tar éis an tsaoil níor cheadaigh sé ach aon bhliain amháin breise dó. Bhí sé sin ar a intinn agus thóg sé anuas an leabhar rolla. D'oscail sé í, d'fhéach uirthi agus lig sé scread.

“Breathnaigh anseo! Bhí an fear ceathracha bliain d’aois nuair a cailleadh i dtosach é. Ceathracha.

Ceathair agus neamhní. Ceadaíodh bliain amháin eile dó mar bhónas. Ach céard seo anseo! Ceathair agus a neamhní agus a haon! Ceithre chéad agus a haon! Botúúúún! Caithfidh sé cur suas le ceithre chéad agus a haon bliain ar an saol anois! Ní fhéadfadh sé bás a fháil fiú dá mbeadh sé á iarraidh. Is é an saol fada an pionós is fearr agus is measa don druncaeir seo anois. Más maith nó olc leis é.”